Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2025
(OR. en)

10066/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0071 (COD)**

**CODEC 774**
**ECOFIN 738**
**FIN 661**
**MAMA 132**
**RELEX 732**
***ECB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht Arabach na hÉigipte<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 15 Márta 2024, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 212 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. I gcomhréir le forálacha an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[2], bhí plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.

[1] 7917/24.
[2] IO L 145, 30.6.2007, lch. 5.

3. An 28 Bealtaine 2025, d’fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha[3] agus d’údaraigh sé an Cathaoirleach le litir a sheoladh chuig Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ina ndéarfaí, i gcás ina nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm chéanna a leagtar amach sa litir sin, faoi réir a athbhreithnithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

4. An 18 Meitheamh 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 18/25 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] 9162/25.
[4] 9728/25.